An Roinn Oideachais
Department of Education

**Uimhir an Chiorcláin: 0056/2024**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bhunscoileanna Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna (BOOnna)**

# Athbhreithniú ar Rátaí Deontais Caipitíochta do Bhunscoileanna Aitheanta in 2024

## 1. Réamhrá

Is é cuspóir an chiorcláin seo na rátaí athbhreithnithe per-capita a leagan amach a bhaineann le maoiniú deontais caipitíochta a leithdháilfear ar bhunscoileanna aitheanta le héifeacht ón 01 Meán Fómhair 2024.

Tagann an ciorclán seo san ionad ar Chiorclán 0038/2020.

## 2. Cuspóir an Deontais Caipitíochta

Tá sé mar aidhm ag maoiniú caipitíochta rannchuidiú le costais reatha na scoileanna ó lá go lá agus mar sin ba chóir é a úsáid chun freastal ar chostais earraí amhail téamh, soilsiú, glanadh, árachas agus cothabháil ghinearálta i scoileanna. Ba chóir a thabhairt faoi deara freisin go bhfuil cuid den deontas beartaithe le húsáid ag scoileanna chun cuidiú le ceannach ábhar agus acmhainní teagaisc.

Féadfar féachaint ar mhaoiniú caipitíochta arna sholáthar le haghaidh costais reatha ghinearálta agus maoiniú coimhdeach a chuirtear ar fáil do sheirbhísí feighlíochta agus rúnaíochta mar dheontas coiteann óna bhféadfaidh an Bord Bainistíochta a leithdháileadh de réir a thosaíochtaí féin. Féach le do thoil Ciorclán 0040/2009 le haghaidh tuilleadh eolais.

Tá an deontas Seirbhísí Coimhdeacha ceaptha freastal ar chostas na seirbhísí rúnaíochta agus airíochais. Tá sonraí maidir leis an deontas seirbhísí coimhdeacha leagtha amach i gciorclán ar leith a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin na Roinne. Tá na rialacháin atá i bhfeidhm anois maidir le rúnaithe a fhostú, mar thoradh ar chomhaontú Fórsa /WRC, le fáil i gCiorclán 0036/2022.

Ba cheart cistiú deontais a úsáid chun na críche dá gcuirtear ar fáil é i gcomhréir le Ciorclán 13/2014 ó RCPA.

## 3. Rátaí Deontais Caipitíochta

### 3.1. Rátaí Caighdeánacha Caipitíochta

Is é an ráta caighdeánach deontais don scoilbhliain 2024/2025 ná €200 in aghaidh an dalta príomhshrutha le héifeacht ón 01 Meán Fómhair 2024.

### 3.2. Rátaí Feabhsaithe Feabhsaithe – Scoileanna Speisialta agus Ranganna Speisialta ceangailte le scoileanna príomhshrutha

Chomh maith leis an méadú ar Chaipitíocht Chaighdeánach, méadófar na rátaí feabhsaithe caipitíochta le héifeacht ón 01 Meán Fómhair 2024.

Tá rátaí feabhsaithe feabhsaithe iníoctha i leith daltaí den Lucht Siúil agus daltaí atá ag freastal ar scoileanna speisialta agus ar ranganna speisialta a bhaineann le scoileanna príomhshrutha chun cabhrú leis na costais bhreise a bhaineann le costais reatha na seomraí ranga ina bhfuil líon beag daltaí agus ina bhfuil sainsholáthair ag feidhmiú. Braitheann na rátaí seo ar an leibhéal riachtanais ar leith atá i gceist. Tá an ráta príomhshrutha san áireamh sna rátaí a luaitear.

Tá rátaí athbhreithnithe deontais ar fáil in Aguisín A.

### 3.3. Scoileanna i gComhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí (CPP)

Éilítear ar an gcomhpháirtí príobháideach CPP raon seirbhísí a sheachadadh agus a chothabháil lena n-áirítear glanadh agus cothabháil foirgneamh ar feadh 25 bliain tar éis na tógála. Laghdaítear an maoiniú caipitíochta a chuirtear ar fáil do na scoileanna seo faoi 25%.

## 4. Modh chun an deontas caipitíochta a ríomh

Íoctar an deontas caipitíochta iomlán bunaithe ar rolluithe Mheán Fómhair na scoilbhliana reatha agus íoctar é ina dhá thráthchuid, Eanáir agus Meitheamh gach bliain.

**Nóta:** Tá an deontas a íoctar le scoileanna beaga bunaithe ar íosmhéid rollaithe de 60 dalta príomhshrutha.

### 4.1. An Chéad Tráthchuid - Eanáir

Tá an chéad tráthchuid bunaithe ar 70% de rolluithe na scoilbhliana roimhe sin.

### 4.2. An Dara Tráthchuid - Meitheamh

Déantar an dara tráthchuid i mí an Mheithimh a ríomh trí úsáid a bhaint as rolluithe na scoilbhliana reatha chun teidlíocht iomlán an deontais don bhliain a chinneadh. Laghdaítear é seo ansin faoi luach na chéad tráthchoda íocadh i mí Eanáir.

### 4.3. Socruithe do 2024/25

Bhí an chéad tráthchuid den deontas a íocadh i mí Eanáir 2024 bunaithe ar 70% de na rolluithe i Meán Fómhair 2022 agus ar an ngnáthráta per capita de €183 in aghaidh an dalta príomhshrutha. Beidh an dara tráthchuid atá le híoc i Meitheamh 2024 bunaithe ar rolluithe Mheán Fómhair 2023 ag an ráta athbhreithnithe per capita de €200 in aghaidh an dalta príomhshrutha iníoctha le héifeacht ón 01 Meán Fómhair 2024. Tá na socruithe céanna curtha i bhfeidhm maidir le caipitíocht fheabhsaithe.

Féach Aguisín B le do thoil le haghaidh samplaí a thaispeánann ríomh na n-íocaíochtaí Deontas Caipitíochta dá dtagraítear thuas.

## 5. Cúrsaíocht agus Ceisteanna

Cinntigh le do thoil go dtarraingítear aird an bhoird bhainistíochta agus chumann na dtuismitheoirí (más ann dóibh) ar an gCiorclán seo.

Ba chóir fiosruithe ó scoileanna maidir leis an gCiorclán seo a sheoladh chuig Aonad Airgeadais Rannóg na Scoileanna ag sdfinfo@education.gov.ie.

Tom Deegan
Príomhoifigeach
Aonad Airgeadais Rannóg na Scoileanna

20ú Meitheamh 2024

## Aguisín A

## Rátaí Scoile 2024/2025

| Catagóir | 01/09/2024 | 01/09/2024 |
|---|---|---|
| | **Faoi bhun 12 bhliain d'aois €** | **12 bliain d'aois agus os a chionn €** |
| a) Ráta Príomhshrutha | 200 | 200 |
| b) Scoileanna Náisiúnta arna gcothabháil ag OOP | 80 | 80 |
| c) Scoileanna Lán-Ghaeilge | 225 | 225 |
| *** Rátaí Feabhsaithe Caipitíochta** | | |
| Lagú Radhairc | 960 | 960 |
| Lagú Éisteachta | 960 | 960 |
| Bodhar Amach is Amach | 986 | 986 |
| Míchumas Foghlama Ginearálta Éadrom (Scoil Phríomhshrutha) | 512 | 761 |
| Míchumas Foghlama Ginearálta Éadrom (Scoil Speisialta) | 637 | 960 |
| Míchumas Foghlama Ginearálta Measartha | 960 | 960 |
| Míchumas Foghlama Ginearálta Trom/ Doimhneach | 986 | 986 |
| Sain-mhíchumas Foghlama (Scoil Phríomhshrutha) | 512 | 761 |
| Sain-mhíchumas Foghlama (Scoil Speisialta) | 637 | 960 |
| Suaitheadh Mothúchánach | 960 | 960 |
| Suaitheadh Mothúchánach Trom | 986 | 986 |
| Míchumas Fisiciúil | 960 | 960 |
| Uathachas/Neamhoird ar Speictream an Uathachais (NSU) | 986 | 986 |
| Sain-Neamhord Urlabhra agus Teanga leith | 960 | 960 |
| Míchumais Iomadúla | 986 | 986 |
| Leanaí an Lucht Siúil | 282 | 282 |
| Luath-Idirghabháil NSU | 986 | 986 |

** Tá an ráta príomhshrutha san áireamh sna rátaí feabhsaithe caipitíochta.*

## Aguisín B

## Samplaí den mhodh chun íocaíochtaí deontais chaipitíochta do 2024/25 a ríomh

### 1. Sampla 1 – Deontais chaipitíochta do 2024 a ríomh.

Bhí tráthchuid Eanáir 2024 bunaithe ar 70% de rollú na ndaltaí amhail an 30/09/2022. Tá tráthchuid Mheitheamh 2024 bunaithe ar rollú daltaí amhail an 30/09/2023 lúide an íocaíocht a fuarthas i dtráthchuid Eanáir.

| | | |
|---|---|---|
| **1.1** | **Rátaí Caipitíochta do 2024** | |
| (i) | Ráta in aghaidh an dalta príomhshrutha le héifeacht ó 01/01/2024 | €183.00 |
| (ii) | Ráta in aghaidh an dalta príomhshrutha le héifeacht ó 01/09/2024 | €200.00 |
| **1.2** | **Tráthchuid Eanáir 2024** | |
| (iii) | Rollú daltaí príomhshrutha amhail an 30/09/2022 | 120 |
| (iv) | Ráta in aghaidh an dalta príomhshrutha ón 1/1/24 – 31/08/24 (8 mí) | €183 |
| (v) | (€183 x 120 dalta príomhshrutha) x 70% | €15,372.00 |
| (vi) | **Iomlán iníoctha i dtráthchuid Eanáir 2024** | **€15,372.00** |
| **1.3** | **Tráthchuid Mheitheamh 2024** | |
| (vii) | Rollú daltaí príomhshrutha amhail an 30/09/2023 | 140 |
| (viii) | Ráta in aghaidh an dalta príomhshrutha ón 01/01/24 – 31/08/24 (8 mí) | €183 |
| (ix) | Ráta in aghaidh an dalta príomhshrutha ó 01/09/24 – 31/12/24 (4 mhí) | €200 |
| (x) | (€183 x 140 dalta príomhshrutha) ar feadh 8 mí | €17,080.00 |
| (xi) | (€200 x 140 dalta príomhshrutha) ar feadh 4 mhí | €9,333.33 |
| (xii) | Caipitíocht bhliantúil iomlán iníoctha do 2024 | €26,413.33 |
| (xiii) | Lúide tráthchuid Eanáir 2024 ag (vi) thuas | -€15,372.00 |
| (xiv) | **Iomlán iníoctha i dtráthchuid mhí an Mheithimh 2024** | **€11,041.33** |

## 2. Sampla 2 – Deontais caipitíochta do 2025 a ríomh

Tá tráthchuid Eanáir 2025 bunaithe ar 70% de rollú daltaí amhail an 30/09/2023. Tá tráthchuid Mheitheamh 2025 bunaithe ar rollú daltaí amhail an 30/09/2024 lúide an íocaíocht a fuarthas i dtráthchuid Eanáir.

| **2.1** | **Rátaí Caipitíochta do 2025** | |
|---|---|---|
| (i) | Ráta in aghaidh an daltaí príomhshrutha le héifeacht ón 01/09/24 | €200 |
| **2.2** | **Tráthchuid Eanáir 2025** | |
| (ii) | Rollú daltaí príomhshrutha amhail an 30/09/23 | 140 |
| (iii) | Ráta in aghaidh an dalta príomhshrutha | €200 |
| (iv) | (€200 x 140 dalta príomhshrutha) x 70% | €19,600.00 |
| (v) | **Iomlán iníoctha i dtráthchuid Eanáir 2024** | **€19,600.00** |
| **2.3** | **Tráthchuid Mheitheamh 2025** | |
| (vi) | Rollú na ndaltaí príomhshrutha amhail an 30/09/24 | 150 |
| (vii) | Ráta na ndaltaí príomhshrutha ón 01/01/25 – 31/12/25 | €200 |
| (viii) | €200 x 150 dalta príomhshrutha | €30,000.00 |
| (ix) | Caipitíocht bhliantúil iomlán iníoctha in 2025 | €30,000.00 |
| (x) | Lúide tráthchuid Eanáir ag (v) thuas | €19,600.00 |
| (xi) | **Iomlán iníoctha i dtráthchuid Mheitheamh 2025** | **€10,400.00** |